V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M. 10890 – MARCEGAGLIA STEEL / OLPUK / OSB / FSAB)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 458/07)

1. An 17 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Marcegaglia Steel S.p.A ("Marcegaglia Steel", an Iodáil), atá faoi rialú Marcegaglia Holding S.r.l (an Iodáil),

— Outokumpu Long Products Limited ("OLPUK", an Ríocht Aontaithe), Outokumpu Stainless Bar LLC ("OSB", na Stáit Aontaithe Mheiriceá) agus Fagersta Stainless AB ("FSAB", an tSualainn), atá faoi rialú Outokumpu Oyj (an Fhionlainn).

Gheobhaidh Marcegaglia Steel rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar OLPUK, OSB agus FSAB (an "Sprioc") ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa tionsclaíoch Iodálach é Marcegaglia Steel san earnáil próiseála cruach, le béim ar thrádáil agus ar phróiseáil cruach. Táirgeann sé táirgí cruach carbóin den chuid is mó, ach, ar bhonn níos lú, táirgeann sé táirgí cruach dhosmálta cothrom agus fada freisin.

— Is é an Sprioc táirgeoir táirgí fada cruach dhosmálta agus táirgí leathchríochnaithe i bhfoirm slata sreinge, uingí, billéid, blúmáin agus leaca.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 5 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10890 – MARCEGAGLIA STEEL / OLPUK / OSB / FSAB

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË